



Gaeltacht Mhúscraí

Nollaig
Shona



Comharchumann Forbartha

Mhúscraí



Údarás na
Gaeltachta

gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIHDH



Nuacht, imeachtaí

Na meáin shoisialta i ngach Sráidbhaile

Béal Átha an Ghaorthaidh

Béal Átha Abú  

www.bealatha.ie 

Coiste Forbartha

Cill na Martra

Nuacht Chill na Martra 

Coiste Forbartha

Réidh na nDoiri

Ionad Áise Réidh na Doirí 

Coiste Forbartha Réidh na nDoire 

Réidh na nDoirí 

Baile Mhúirne

Ballyvourney Noticeboards 

Meitheal Teangan Grúpa Whats App 

Cúil Aodha

Linn Snámha Chúil Aodha 

Comhaltas Cosanta Chúil Aodha

Guímíd gach rath ar



28ú- 30ú Samhain



FÓGRAÍ



CEARDLANN NA NOLLAG

Come to Cill na Martra's Christmas workshop for
crafts, cruthaitheacht agus conlra.
Put your cupla focal to use, learn cupla focal
aile and bring home some beautiful crafts.
Soláistí ar fáil goch síche ná tabhair leat do
shóisleat féin.



Páiste Trána
Mhúsraí

*17ú/24ú Samhain
1ú/8ú Nollag*

7.30 - 9.30PM
COSTAS IOMLÁN - €10

Pre booking necessary -
Call/message 087 2708715



CEARDLANN NA NOLLAG NA N-OG

Ceardlann cruthaitheach 2 uair a chloig
do dhéagóirí ag tabhairt faoi maisiúcháin
na Nollag.
A one off Christmas craft workshop as
Gaeilge for younger crafters.



Páiste Trána
Mhúsraí

Aoine 21ú Samhain

6.00 - 8.00PM
COSTAS IOMLÁN - €10

Pre booking necessary -
Call/message 087 2708715



DAIDÍ NA NOLLAG

AG TEACHT GO MARGADH NA NOLLAG

BUIAL ESTEACH LE SANTA CHUN DO LITIR A THABHAIRT
DÓ. GLAC GRIANGRAF LEIS AGUS CAN AMHRÁN DÓ!

SATHAIRN 29ú SAMHAIN
3.00IN-6.00IN
GILL NA MARTRA

COISTE PHOBAIL CHILL NA MARTRA



€10 an chlann




BIGÍ LINN AG MARGADH NA NOLLAG

Any entrepreneurs, vendors or
businesses interested in taking
part in our Christmas Market
please contact 087-2708715 or
nuachtcillnamartra@hotmail.com

SATHAIRN NOVEMBER 29TH
GILL NA MARTRA 3PM TO 7PM

COISTE PHOBAIL CHILL NA MARTRA





**7ú Nollaig
Cúil Aodha**



**Biongó
gach
Céadaoin
Réidh na
nDoirí**

FÉILIRE CRANN NA GCEILTEACH CELTIC TREE CALENDAR



Gaeltacht
Mhúscraí

I bhFéilire Crann na gCeilteach, tá gach mí ceangailte le crann, ag léiriú an meas a bhí ag ár sinsir ar an nádúr mórthimpeall orthu. Tá trí mhí dhéag sa fhéilire seo, ag freagairt don timthriall gealaí. Cheaptaí gurbh é tús na bliana tús na Samhna. Is slí mhín é cloí leis an bhféilire seo chun bogadh tríd an mbliain — i dtiúin leis an nádúr, leis na séasúir, agus leis na seanscéalta a bhíonn fós ag cogarnaíl sna duilleoga.

In the Celtic Tree Calendar each month is linked to a tree, showing the respect our ancestors had for the nature surrounding them. There are 13 months in this calendar corresponding to the lunar cycle. The beginning of the year was thought to be at the beginning of November, Samhain. Following this calendar is a gentle way to move through the year — in tune with nature, the seasons, and old stories whispered in the leaves.

CUMHACHT

ORAILOCHT

BIALOIDIS

PIARSANTACHT

NÁDÚR

celtic tree astrology
treecouncil.ie

FEILÍRE CRANN NA GCEILTEACH

CELTIC TREE CALENDAR

1 1/11-28/11  Iúr yew	2 29/11-26/12  Ailm scots pine	3  Beith Birch 27/12-23/1
4 24/1-20/2  Caorthann rowan	5 21/2-20/3  Fearnóg alder	6 21/3-17/4  Saileach willow
7 18/4-15/5  Sceach Gheal hawthorn	8  Fuinseog ash 16/5-12/6	9  Dair oak 13/6-10/7
11 9/8-4/9  Coll hazel	12  Úll apple 5/9-2/10	10 11/7-8/8  Cuilleann holly 13 3/10-30/10  From elder

OGHAM - THE TREE ALPHABET

Bhain cruthaitheoirí chéad aibítir na Gaeilge, an tOgham, ainmneacha go leor dá litreacha ó chrainn. Tá fiche litir ann, déanta as cruthanna — líne fhada nó “gas” agus línte níos lú cosúil le craobhacha. Bhí gach cruth ag seasamh do fhuaim éagsúil de chuid na Gaeilge. Chun é a léamh, tosaigh ag bun an chrainn agus dreap suas é.

┆ A	┆ H	┆ B	┆ M
┆┆ O	┆┆ D	┆┆ L	┆┆ G
┆┆┆ U	┆┆┆ T	┆┆┆ F	┆┆┆ NG
┆┆┆┆ E	┆┆┆┆ C	┆┆┆┆ S	┆┆┆┆ ST
┆┆┆┆┆ I	┆┆┆┆┆ Q	┆┆┆┆┆ N	┆┆┆┆┆ R

Cén focal ceithre litir atá scríofa ar an gallán? Cuimhnigh tosú ag an mbun agus dreapadh suas.

What four-letter word is written on the standing stone? Remember to start from the bottom and climb up.

The creators of the first Irish Alphabet, Ogham, named many of its letters after trees. The 20 letters are made of shapes - a tall line or “stem” and smaller lines that look like branches.

Each shape represented a different sound of the Irish language. To read it, start at the bottom and climb up the tree.

An féidir leat do chéadlitreacha a scríobh in Ogham ar an ngallán?



Can you write your initials in Ogham on the standing stone?





Gaeltacht
Mhúscraí

"LEAGFAIDH TUA BHEAG CRANN MÓR "

A SMALL AXE CAN FELL A BIG TREE

Is féidir le hainmneacha na gcrann a fhoghlaim as Gaeilge cabhrú linn athcheangal lenár n-oidhreacht agus ár meas ar an dúlra a dhoimhniú. Is minic a thugann gníomhartha beaga mar seo faoi athruithe móra.

Learning the names of trees in Irish can help us reconnect with our heritage and deepen our respect for nature. Small actions like this can lead to bigger changes.

Tuilleadh eolais faoi na crainn agus an béaloideas a bhaineann leo. Fiséain álainn ann.

Lovely videos about our trees and folklore under

WWW.

forestryservices.ie/ogham-trees/



Ódarás na
Gaeltachta



SSE
Airtricity



Grá
Mhúscraí



Comhairleumann Forbartha

Mhúscraí

Dáimh Scoil

Mhúscraí Uí Fhloinn

ÁRAS ÉAMON MAC SUIBHNE, CÚIL AODHA
DÉ DOMHNAIGH 28 NOLLAIG, 3PM

An Cuireadh Le Seán Óg Ó Duinnín Uachtarán

Cuirigí peann le pár agus bígí linn
Ar bhruach an tSuláin go fileata
sinn

Ag teacht le chéile go
cruthaitheach cruinn
Le véarsaí a's rannta atá garbh nó
binn.

Bain triail as an bhfilíocht nó can
dúinn amhrán

Má bhíonn tú 'nár dteannta ní
bheidh cúis gearáin.

Beidh filí atá fileata a's
amhránaithe ann

Ná bíodh ort aon chuthaill a's
tabhair dúinn do rann.

Ó chian a's ó chongar ó thuaidh
a's ó dheas

Beidh comhlúadar foighneach, 'tá
fáiltiúil a's deas

Le fáil ag an Dámhscoil i Múscraí
le meas

Mar sin, bígí linn, sa chompord a's
teas.

An Cheist Le Concubhar Ó Liatháin Cléireach na Dáimhe

Tá tír na n-óg i m'fhón phóca
Is an domhan ar fad ar an idirlíon
Is féidir taisteal i bhfad is i gcéin
Ag suí ar do thóin ar do thinteán
féin

Togha gach bídh is rogha gach dí
Bíonn le blaiseadh de ló is tolche
Níl ocras ná gannchuid ar na
tionchóirí
Táid íoctha go maith as a gcuid
tuairimí.

Ach anfeas dár gcáirde ríomhairí
Conas a chumtar dánta Mhúscraí
Rithim is rím agus comhréir shiollaí
Na rialacha a rialaíonn éigse na
bhfilí


Ag suí anseo cráite ag iarraidh ceist
á scríobh.

Cad a fhéadfadh mé a shlánú ó
ghorta véarsaí

An bhfuil uirlis nó app a
thabharfaidh mé slán

Nó an féidir gur AI a scríobhfadh mo
dhán?

Beidh fiúlte roimh bhúr véarsaí má
thagann sibh ar an lá chun iad a aithris
dhúinn nó má sheolann siad ar aghaidh
roimh ré ar an ríomhphost.
concubhar.oliathain@gmail.com





Comhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an
tSuláin Teo



Ionad Lae, Baile Bhúirne, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Fón 026-45559

Folúntas

Riarthóir/Cúntóir Taistil

Tá folúntas san Ionad Lae i mBaile Bhúirne do
Riarthóir/Cúntóir Taistil ar an gClár Seirbhísí Pobail.
Tá critéir incháilitheachta ann d'iarratasóirí.

Chun iarratas a dhéanamh:

Seol do CV agus litir chlúdaithe chuig csp@ionadlae.ie
nó tríd an bpost chuig

Comhlacht Tithe Sóisialta & Forbairt an tSuláin Teo,
Ionad Lae, Baile Bhúirne, Co. Chorcaí

Spríocdháta: Dé Máirt 9ú Nollaig 2025

Tuilleadh eolais: 026-45559

Tá an Clár Seirbhísí Pobail maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an
Ghaeltacht agus á bhainistiú ag Pobal.



Department of Rural and
Community Development
An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail



pobal
government's partner in rural development



Minister of Housing
Minister of Ireland



SSE
Renewables

For a better
world of energy



Comhairle Contae Chorcaí
Corke County Council



Comhairleumann Forbartha

Mhúscraí



FOLÚNTAS

RIARTHÓIR OIFIGE

Tá post mar riarthóir oifige á thairiscint ag Comhairleumann Mhúscraí.

Beidh an Riarthóir Oifige freagrach as seirbhísí rúnaíochta na heagraíochta a riar, agus tacaíochta riaracháin a chur ar fáil don Phlean Teanga go háirithe.

Beidh an post lonnaithe i nGteic, Béal Átha an Ghaorthaidh.

Tá tuilleadh eolais faoin bpost

ar www.muscrai.org

Seol iarratas chuig

eolas@muscrai.org

Dáta dheiridh 11/12/25

**11ú
Nollaig
ag 5pm**



Údarás na
Gaeltachta



gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHÁIDH

FOLÚNTAS POST CÉIMITHE

**Tá duine cumasach á lorg ag
Comharchumann Mhúscraí le freastal ar
chlár Mhúscraí Glas. Is é cuspóir an chláir
seo cur le saol inbhuanaithe i nGaeltacht
Mhúscraí.**

Critéir incháilitheachta: Cáilíocht ábhartha (ar a
laghad leibhéal 6 faoin gCreat Náisiúnta
Cáilíochtaí, laistigh de 4 bliain). Tá an post faoi
Scéim na gCéimithe de chuid Údarás na
Gaeltachta.

Tá tuilleadh eolais faoin bpost ar

www.muscrai.org

Seol iarratas chuig

eolas@muscrai.org

Dáta dheiridh 11/12/25 ag 5pm





Muintearas Teo



Togra Oideachais Gaeltachta
Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Fón: +353 91-379141

Ríomhphost: oiige@muintearas.com Idirlíon: www.muintearas.com

Sonraí Post: Oibrí Óige Páirt-Aimseartha

Tá post páirt-aimseartha mar Oibrí Óige ar fáil i gclub óige **Club Óige Bhéal Átha Ghaorthaidh**, Corcaigh á thairiscint ag Muintearas i gcomhair le Pleanáil Teanga Múscraí.

Scileanna, taithí agus cáilíochtaí:

- Taithí ag obair le daoine óga
- Gaeilge líofa – labhartha agus scríofa
- Scileanna láidir eagrúcháin agus bainistiú ama
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta
- A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin agus mar pháirt d'fhoireann

Uaireanta Oibre: 8 uair a chloig sa tseachtain. Is gá go mbeadh tú solúbtha mar gheall ar an saghas obair atá i gceist. Beidh uaireanta neamh-shóisialta le n-oibriú: tráthnóna, deireadh seachtaine srl. Bíonn an club ar siúl tráthnóna Dé hAoine agus beidh uaireanta pleanáil i gceist i rith na seachtaine chomh maith.

A bheith tiomanta do Fhís, Misean agus Straitéis Mhuintearas a chuir i bhfeidhm.

Aon dualgas bailí eile a iarrfaidh do bhainisteoir líne ort a chomhlíonadh.

Solúbthacht agus oibriú mar bhall foirne ag tacú le chéile do thograí ar leith.

Seol litir iarratais agus CV chomh maith le cóip de chuid cáilíochtaí **roimh an 5:00in Dé Luain 1ú Nollaig 2025** chuig rebecca.nicdhonnacha@muintearas.com

Beidh na h-agallamh ar siúl seachtain (8ú – 12ú Nollaig).

Beidh gá dul thríd an próiseas grinnfhiosrúcháin sula dtosóidh an post.

Má tá tuilleadh eolais uait, cuir glaoch ar 091 379141 nó seol ríomhphoist chuig rebecca.nicdhonnacha@muintearas.com

Is fostóir deiseanna comhionannais é Muintearas Teo.





Fuair Comharchumann Mhúscraí cead dul ar aghaidh le cás cúirte, athbhreithniú breithiúnach i gcoinne cinneadh a dhein Comhairle Chontae Chorcaí. Cén fáth go bhfuilimid ag glacadh an cás cúirte seo? Níor chuir an Chomhairle coinníollacha teanga leis an iarratas pleanála nua chun deich dtigh sóisialta a thógáil sa cheantar.

Tá tithíocht uainn, ach táimid i gceantar Gaeltachta – agus tá sé de dhualgas orainn ar fad an Ghaeilge a chothú. Ní bheidh pobal Gaeltachta againn gan daoine ag labhairt na Gaeilge.

Comharchumann Mhúscraí succeeded in their application in the High Court to have a judicial review of a decision made by Cork County Council.

Why? The Council did not attach any language conditions to the new planning application to build ten social houses in the area.

We need housing, but we live in a Gaeltacht – and it is our collective responsibility to nurture the Irish language. Without people speaking Irish, we will not have a Gaeltacht community.



Oifigeach Turasóireachta Nua New Tourism Officer

cara@muscraí.org ~ 083 104 7764

Thosaigh Ciarán Ó Muiris mar Oifigeach Turasóireachta Ghaeltacht Mhúscraí i mí Mheán Fómhair. Bhog sé go Cúil Aodha an samhradh seo caite agus tá aon bhliain déag taithí aige i margaíocht dhigiteach.

Is as Contae na hIarmhí ó dhúchas é, agus is ball de Chór Chúil Aodha agus de Naomh Abán CLG é, le paisean dáiríre don Ghaoluinn, don Ghaeltacht agus do Mhúscraí.

Le linn a chéad mhí sa cheantar, d'oibrigh sé go deonach mar Bhainisteoir Imeachtaí Fhéile na Laoch, rud a thug léargas praiticiúil dó ar chultúr agus ar phobal na háite.

Deir Ciarán:

“Táim thar a bheith tógtha leis an gceantar agus táim ag súil go mór le comhoibriú le muintir Mhúscraí agus leis an obair thábhachtach atá romhainn.”

Ba mhaith le Comharchumann Forbartha Mhúscraí buíochas a ghabháil le hÚdarás na Gaeltachta as an maoiniú a chuir ar fáil don ról seo.

Ciarán Ó Muiris began his role as Tourism Officer for Gaeltacht Mhúscraí in September. He relocated to Cúil Aodha over the summer and brings 11 years of experience in digital marketing.

Raised in County Westmeath, he is a member of Cór Chúil Aodha and Naomh Abán CLG, with a genuine passion for the Irish language, the Gaeltacht, and the Múscraí region.

During his first months in the area, he volunteered as Events Manager for Féile na Laoch, which gave him practical insight into the culture and community of the area.

Ciarán says:

“I’m deeply struck by this place, and I’m very much looking forward to working with the people of Múscraí and to the important work ahead of us.”

Comharchumann Forbartha Mhúscraí wishes to thank Údarás na Gaeltachta for providing the funding for this role.





Meitheal Turasóireachta

Táimid ag tabhairt cuireadh do gach gnólacht agus páirtí leasmhar páirt a ghlacadh sa Mheitheal Turasóireachta Mhúscaí – grúpa a chruinníonn go rialta chun smaointe, eolas agus deiseanna comhoibrithe a roinnt.

Tá fáilte roimh ghnólachtaí nua, fiú amháin mar chuid aonuaire, chun tuiscint a fháil ar an obair atá ar siúl agus ar na féidearthachtaí comhoibrithe sa cheantar.

Más mian leat páirt a ghlacadh, seol ríomhphost chuig Ciarán Ó Muiris (Oifigeach Turasóireachta) - cara@muscrai.org.

We invite all local businesses and interested stakeholders to join the Múscaí Tourism Network – a group that meets regularly to share ideas, information, and collaboration opportunities.

New businesses are very welcome, even for a once-off visit, to get a clear sense of the work underway and the partnership potential within the area.

If you'd like to get involved, please email Ciarán Ó Muiris (Tourism Officer) cara@muscrai.org.





Gaeltacht
Mhúscraí

Féilire na bhFéilte

Festival Calendar

FEA/FEB

6-8

Féile Ghobnatan

Baile Mhúirne

Féile an tSuláin

Cill na Martra

MÁR/MAR

Le deimhniú/TBC

AIB/APR

Le deimhniú/TBC

Cruinniú na bhFliúit

Baile Mhúirne

Ionad Cultúrtha

Baile Mhúirne

TRÍD AN BHLIAIN
AR FAD
THROUGHOUT THE
YEAR



GAELTACHTMHUSCRAI.IE

COMÓRTAS!



Gaeltacht
Mhúscaí

Táimid ag reáchtáil comórtas ar ár leathanaigh Facebook agus Instagram. Chun páirt a ghlacadh, lean Gaeltacht Mhúscaí ar Facebook nó ar Instagram agus cuir isteach faoin bpost comórtais. Má tá tú ag léamh seo, tá an post beo anois!



We're running a giveaway on our Facebook and Instagram pages. To enter, follow Gaeltacht Mhúscaí on Facebook or Instagram and submit your entry according to the competition post. If you're reading this, the post is now live!





Gaeltacht
Mhúscraí

FÉIRÍNÍ NA NOLLAIG

le Grá ó Ghaeltacht Mhúscraí



Bia & Deoch

Local Food & Drink
honey, beer, jam,
cheese, organic
lamb

Ceardaíocht

Hand crafted,
knitted, children
+adult clothes,
toys.

Ceardaíocht

Hand crafted,
wood, glass items

Ealaíon

Art



Tar ar chuairt orainn

MUSCRAI.IE /siopadoireacht

Cístí na Nollag

Christmas cakes,
goodies

Turcaithe

Turkeys

Ceolteoirí

áitiúla

Selection of local
artists, musicians

Labhair as Gaeilge

Irish language,
Local interest



Comórtas Cártaí Nollag
04/12/2025-18/12/2025

Comórtas Nollag do
Bhunscoileanna Múscraí!



“Cártaí Poist na Nollag – Fáilte chuig ár bPobal Nua!”

- Bí cruthaitheach agus críochnaigh **cárta Nollag** álainn.
- **Cum beannacht ghearr i nGaeilge chun fáilte a chur roimh ár bpobal iasachta nua.**
- Is deis iontach í seo **Gaeilge agus spraoi a chur le chéile**, agus cairde nua a bhaint amach.
- **Duais álainn** do dhuine amháin ó gach bunscoil





**SPACES
SHORT-TERM
& LONG-TERM**


**DEASC
SEALADACH
LÁN-AIMSEARTHA**



eolas@muscrai.org
Tel: 083 191 5432

Stró agat le margaiócht na meán sóisialta?

Struggling with social media marketing?



Táimid ag bailiú spéis i gceardlann meán sóisialta do ghnólachtaí i nGaeltacht Mhúscraí — **iad siúd atá dírithe ar thurasóirí.**

Beidh an cheardlann saor in aisce, agus díreoimid ar scileanna praiticiúla agus straitéisí simplí ar féidir le gach gnó a chur i bhfeidhm láithreach.

Más mian leat páirt a ghlacadh, seol ríomhphost chuig Ciarán Ó Muiris, Oifigeach Turasóireachta - cara@muscraí.org le do: ainm, ainm do ghnó, suíomh.

We're gauging interest in a free social media workshop for **tourism-focused businesses in Gaeltacht Mhúscraí.**

The workshop will be free of charge, focusing on practical skills and simple strategies any business can apply immediately.

If you'd like to take part, please email Ciarán Ó Muiris (Tourism Officer) - cara@muscraí.org with your name, business name, location.



Meitheal Teangan Bhaile Mhúirne

Chun fáil amach fé imeachtaí i nGaoluinne i mBaile Mhúirne Lean an Nasc Whats App nó an Cód QR

Cúpla Focal le Cúpla Ceim
Fáilte roimh chách!

CLUB REATHA SÓISIALTA GAELIGE

Ait: Sá Bhriain
(taobh thiar d'Ionad
Cultúrtha an Doctair
Ó Loingsigh)

SK: RITH NÓ SIÚIL
12Ú & 16Ú IÚIL
DÉ SATHAIRN, 9.30AM

Lean an nasc WhatsApp nó an cód QR:
<https://chat.whatsapp.com/KwmpbEjwIDHfC221BQwCg303>
Le teangeolaí a Pháirt: Seán Mac Donnchadh & Mairéad Teangeolaí Bhaile Mhúirne

Grúpa Plé
Foclóir Uí Bhuachalla agus
Canúint Mhúscraí

Gach Máirt, 7-8pm
Ag tosú ar an 16ú Meán Fómhair
Ionad Lae Baile Mhúirne, Baile Mhic Íre, P12 WK02
Fáilte roimh chách!

Tuilleadh eolais:
Katie Ní Loingsigh (086-3631398)

Le tacaíocht ó Fhoclóir Stairiúil na Gaeilge, Acadamh
Rioga na hÉireann, Meitheal Teanga Bhaile Mhúirne
agus Plean Teanga Mhúscraí

Bionn slua breá ag teacht le chéile gach Mháirt san Ionad Lae i mBaile Mhúirne ag cur agus ag cúiteamh focail ó Fhoclóir Uí Bhuachalla.

Tá fáilte roimh chách chun na h'imeachta.



Bhí Oireachtas na Samhna 2025 ar siúl i mBéal Feirste – an chéad uair ó 1997. Tharraing sé mílte Gaeilgeoirí le chéile chun ceol, damhsa, sean-nós, scéalaíocht, drámaíocht agus imeachtaí cultúrtha eile a cheiliúradh.

Reáchtáladh thart ar 65 comórtas ealaíon agus bhí Aonach an Oireachtais le 80 eagraíocht i láthair.

Osclaíodh an fhéile ag an Aire Dara Calleary, a léirigh gur comhartha láidir í an fhéile ar fhás agus ar bheocht na Gaeilge i mBéal Feirste. Bhí clúdach mór sna meáin — go háirithe ar TG4 — le lucht féachana mór ar líne agus ar an teilifís.

Bhí Uachtaran na hÉireann Catherine Connelly i láthair chomh maith agus bhí an t’adh liom gur bhuaileas léi



Bhí go leor de pobal Mhúscaí ag freastal ar na deireadh seachtaine ach go h'áirithe na leanaí scoile a thóg páirt sna comórtaisí Amharáníocht ar an t'Sean Nós agus bhain cailín óg ó Scoil Abán Naofa amach an chéadh duais sa chomórtas faoi aois a 10.

Sin í Úna ní Choilleáin. Comhghairdeas léi. Is í Seosaimhín Ní Chuillreanáin an Teagascóir a bhí aici faoi bhráid an scéim Aisling Geal. Cúis bród don bheirt acu gan amhras.



Uachtarán na hÉireann Catherine Connolly agus OPT Mhúscaí

Foireann na Coimisinéara Teanga agus mé féin ag Aonach an Oireachtais 2025





Eibhlín & Frank agus Marie agus Eoghan i Páirc an Chrocaigh

**Comhartha aitheantais náisiúnta atá i GRADAIM
as an mhéid atá déanta ag gnó chun cinntiú go
bhfuil spás ann don Ghaeilge.**

**Na Buaiteoirí ó Ghaeltacht Mhúscraí
Comhghairdacheas libh go léir**

Lee Valley Walking

An Muileann

Folláin Teo.

An Crúiscín Lán

Poitigéir Uí Dhéisigh/Deasy

Linn Snámh Chúil Aodha

Caifé agus Tábhairne Uí Chróinín

Ostán Ghúgán

Siopa Uí Dhuinnín

Tábhairne Uí Mhurchú



**STRAITÉIS 20 BLI
GHAELIGE 20
Ár dTeanga, Á**

BEIDH NA RANGANNA COMHRÁ SEO AG
LEANÚINT AR AGHAIDH SA BHLIAIN NUA 2026.
DÁTA FÓS LE SOCRÚ. IS FÉIDIR TEANGMHÁIL A
DHÉANAMH LEIS AN IONAD ÁISE LE H'AGHAIDH A
THUILLEADH EOLAIS

Comhrá Gaeilge le Máire Ní Laoire

Irish Language conversation with Máire

5 rang
€25.00



@ Ionad Áise Réidh na nDoirí
7-8 Dé Máirt/Tuesday 04/03/2025

Elevate Your Conversational Skills with our Irish language get togethers! For those who want to speak it better, increase their Irish vocabulary in a fun and relaxed environment.

**Do dhaoine a thuigeann Gaeilge ach nách bhfuil
an misneach no puinn taithí acu í a labhairt**

Eolas; opt@muscrai.org



S20

**STRAITÉIS 20 BLIAIN DON-
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPoba**

Ionad Cultúrtha an
Dochtúir Ó Loingsigh,
Baile Mhúirne

CEILIÚRADH AN OIREACHTAIS

Dé Céadaoin 17ú Nollaig, 7in



Gaeltacht Mhúscraí celebration of Oireachtas na
Samhna 2025 Wednesday, December 17th, 7pm

Saor in aisce

Fáilte roimh chách



CIORCAIL COMHRÁ
GACH MÁIRT 2-4
LEAN PLEAN TEANGA AR
FACEBOOK/INSTAGRAM

Tagaigí chun
ár gcruinnithe Gaelach gach seachtain chun comhrá a
dheanamh i nGaeilge, cioca an tosaitheoir nó saineolaí sa
Ghaolainn thú, beidh fáilte roimh chách chun an Ghaeilge a
chleachtadh i dtimpeallacht shimplí agus cháirdiúil. Bí
páirteach, caith am le daoine, agus bain sult as an gcearaic! Ní
gá duit ach ríomhphost a sheoladh chun Eibhlín Ní Lionáird
ag

opt@muscrai.org & Plean Teanga Mhúscairí Facebook &
Instagram

An Ciorcal Comhrá
i sa Chrúiscín Lán



Sa siopa Leabhar
‘An Gadaí Dubh’



Beidh fáilte is feich roimh Mhuintir Chill na Martra, Réidh na
nDoirí & Bhéal Átha an Ghaorthaidh, Baile Mhúirne agus
Réidh na nDoirí



***“Tá mic léinn ár rang
tumoideachais Gaeilge ag
freastal ar an Ciorcal
Comhrá Gaeilge áitiúil***

**Tháinig grúpa scoláirí a
bhí ag freastal ar chúrsa
Gaolainne le ‘Jane Ní
Luasa ón Ghuagan Barra ,
ar chuairt chun an Ciorcal
chomhrá sa Mhuileann
cúla seachtain ó shin. Bhí
ceól, caint amharáníocht
agus go leor leor craic
againn le chéile. Tháinig
na scolairí ó chian is ó
chongar , ó Ceanada, Nua
Eabhrach agus Mainistir
Fhearmaí fiú.**



**Bhí bean uasal ag freastal ar an
gcúrsa, gariníon do fhear a
mhúin Gaolainn do m’athair sa
Sciobarín fadó. Thart ar an
bhliain
1947.**

‘Nách ait an mac an saol’ !!

Meitheal Orgánach Mhúscraí ag dul ó neart go neart

Meitheal Orgánach
Mhúscraí



Tá scata feirmeoirí orgánacha i nGaeltacht Mhúscraí tar éis teacht le chéile le féachaint cén chaoi a bhféadfaidís uain orgánacha a thógáil sna sléibhte thart ar Mhúscraí. Tá sé soiléir go bhfuil grá mór acu don fheirmeoireacht – tá sé iontu, mar a déarfá. Tá an tuath chomh nádúrtha – gan locht ná truailliú. Ach caithfidh an saol seo a bheith inmharthana – caithfidh sé obair don ghlúin seo, murach sin, caillimid an chéad ghlúin eile feirmeoirí. Tá siad i mbun taighde!



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture
Food and the Marine



TAIGHDE RESEARCH PROJECT



A group of organic farmers in Gaeltacht Mhúscraí have come together to see how they can raise organic lamb in the hills of Múscraí. It is clear that they love farming. It's part of who they are. The countryside is so natural. But raising organic lambs has to work -has to be sustainable for this generation, or we will lose the next generation of farmers. They are working on this!.

You can see the video on YouTube Comharchumann or Facebook.

Gaeilge le Rachel

Do Thuismitheoirí & Eile

ag leanint ar aghaidh taréis na Nollag sa
bhliain nua 2026



GAEILGE OUR NATIVE MOTHER TONGUE

let's start from an early age because early childhood language and education is the foundation of learning. Basic easy and fun conversational irish classes for parents who have children in primary and secondary schools in Muscraí or others who just wish to improve.

Téanam ort agus foghlaim le Rachel
Come along and learn with Rachel

2 IONAD /2 LOCATIONS

OICHE DÉ MÁIRT/
TUESDAY NIGHT

DÁTA & AM
8-9.30 pm

OICHE DÉARDAOIN
THURSDAY NIGHT

IONAD ÓIGE DÓNAL Ó LIATHÁIN
CÚIL AODHA.

IONAD LAE COIS CILLE
CILL NA MARTRA

CONTACT / GLAOIGH AR EIBHLÍN
083 0914719 OR EMAIL OPT@MUSCRAI.ORG



Gaeilge le Fáilte Labhair í

Speak Irish Every Day

Embrace Our Language in Hospitality Settings

Common Phrases

Fáilte! (fawl- ta)-
Welcome!

Go raibh maith agat
(guh rev mah a-gut)
- Thank you.

Expressing Gratitude

Slán! (slawn) - Goodbye!
Tá fáilte romhat (taw
fawl-cha row-it) - You're
welcome.

Friendly Interactions

Conas tá'n tú? (kun-us -
tawn too?) - How are
you?

Bain sult as do lá! (ban
sult oss duh law!) - Enjoy
your day!



Labhair **Gaeilge** le bród!

Speak Gaeilge with pride





Bhíomar amuigh i n-uimhir mhaith agus sinn ag tabhairt bus de phobal áitiúil Mhúscraí go príomhchathair na tíre, Baile Átha Cliath, chun tacú leis an mórshiúl náisiúnta ar son cearta teanga. Thógamar dornán maith—timpeall dosaen—tacadóirí i gcathair Chorcaí an mhaidin sin agus thugamar aghaidh ar Bhaile Átha Cliath, áit ar ghlacamar páirt i measc an chúig mhíle fichead duine a shiúil ó Chearnóg Parnell go Dáil Éireann.

Bhí atmaisféar bróid agus Gaelachais le brath ar gach taobh.





D'imig na Gael agus pobal Mhúscraí ina measc, chun sráide ar an 20ú Meán Fómhair i mBaile átha Cliath. Sheas na mílte le chéile ar son **CEARTA**. Tá gearr chéim Teanga agus Gaeltacht ann. Tá an **éigandáil tithíochta ag bánú ár bpobail Ghaeltachta Ní bheidh pobal ann gan tithe ní bheidh Gaeltacht ann gan phobal**. Níl aon chothromas le fáil do mhaoiniú na teanga, thuaidh nó theas. Tá

tearcmhaoiniú agus dínfheistíocht stairiúil in ár dteanga ag bagairt ár dtodhchaí. Tá an Ghaeilge inár gcoras oideachais i gcruchás. **Níl fis, polasaí nó ullmhian** ann, le héispéireas agus toradh sásúil a chinntiú do gach dalta atá ag foghlaim an teanga. Ní bhíonn ár nGaelscoileanna iontach mar thosaíocht riamh, Níl an deis ag gach dalta gur mian leo freastal ar Ghaelscoil nó Ghaelcholáiste in ann sin a dhéanamh. Níl ár gcearta teanga a gealladh duinn arís is arís eile, i bhfeidhm fós. Tá cearta bunúsacha thuaidh agus theasfós gan réiteach, blianta tar éis iad a ghealladh. **Sé seo mór- sheasamh ár linne. Tá sé in am duinn troid ar ais. Shiúlamar le chéile ar son ár dteanga!**



Scéim Soisialta Tuaithe

Do you have a
herd number?

Are you receiving
social welfare
payments?

An bhfuil
tréaduimhir agat?

An bhfuil tú ag fáil
íocaíocht leasa
shóisialaigh?



Would you be interested in
working part-time? If you
are not interested, it is
possible for a near relative
to take your place on the
scheme.

Baile Mhúirne/
Baile Mhic Íre
Cúil Aodha
Réidh na nDoirí
Cill na Martra
Béal Átha an
Ghaorthaidh

An bhfuil suim agat
bheith ar scéim páirt-
aimseartha? Mura bhfuil
suim agat féin, is féidir le
daoine atá gaolta leat
teacht ar an scéim i d'áit.

Déan Téagmháil le:
Cian Ó Ceallacháin
087 1653765

SCÉIM ALÁRAIM ALÁRAM PEARSANTA



Tá **POBAL AR AIRE** ag cur an Scéim Folaírimh do Sheanóirí ar fáil i **mBaile Mhúirne & Cill na Martra**. Cuireann an scéim ar a gcumas do dhaoine scothaosta, 65+ bliain, fanacht go slán sábháilte ina dtithe féin, trí aláram pearsanta.

Tugtar an tseirbhís seo saor in aisce don chéad bhliain. Beidh sé 65 euro sa bhliain ina dhiaidh sin.

Is féidir leat é a úsáid le guthán póca ach tá costas breise i gceist don chárta SIM.



**Gaeltacht
Mhúscraí**



Le hiarrtas a dhéanamh, & tuilleadh eolais téigh i dteagmháil le Martina.

**For more information
contact Martina**

**IONAD LAE
026- 45559**



ALERT SCHEME PERSONAL MONITORED ALARM

POBAL AR AIRE delivers the Seniors Alert Scheme in **Baile Mhúirne & Cill na Martra**. It enables older people 65+ to continue to live securely in their homes by providing them with a personal monitored alarm and pendant.

It is provided free of charge for the first year, 65e per year after that.

It also can be used with a mobile phone. There is an extra charge for the SIM credit.



MUINTIR NA TÍRE
NATIONAL ASSOCIATION FOR
THE PROMOTION OF COMMUNITY
DEVELOPMENT IN IRELAND

IONAD LAE, BAILE MHÚIRNE & CUAN BARRA, BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH

Ionad Lae

- ❖ Do you know that Ionad Lae is open for Lunch and activities afterwards on Wednesdays and Fridays each week?
- ❖ Would you like to come to Ionad Lae for your lunch and activities?
- ❖ Would you like to travel on our free bus service to Ionad Lae?
- ❖ Our bus driver can stop at the Post Office, shop or chemist on the way home to collect your pension, shopping or anything you may need.

For more information phone us on

026-45559.



- ❖ An bhfuil a fhios agat go mbíonn Ionad Lae oscailte don lón agus imeachtaí ar an gCéadaoin agus ar an Aoine gach seachtain?
- ❖ Ar mhaith leat teacht go dtí an Ionad Lae le haghaidh do lón agus gníomhaíochtaí?
- ❖ Ar mhaith leat taisteal ar ár seirbhís bus saor in aisce go dtí Ionad Lae?
- ❖ Feadfaidh ár dtiománaí bus stopadh ag Oifig an Phoist, an siopa nó ag polltógair ar an mbéalach abhaile chun do phinsean, do shiopadóireacht nó aon rud a d'fhéadfadh a bheith uait a bhailiú.

Le haghaidh tuilleadh eolais cuir glaoch orainn ar

026 45559



Cuan Barra



Déan teagmháil leo

ar: 026 47777

Bíonn dinnéar gach Luan agus
Aoine (seachas saoire bainc) agus
béilí ar rothaí chomh maith.

**Dinners are available every Monday
and Friday (except bank hols).
They also provide meals on wheels**



Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Tá an nuachtlitir curtha le
chéile ag Comharchumann
Forbartha Mhúscraí.
'Sé an aidhm atá againn ná
blaiseadh a thabhairt ar
chuid den obair atá déanta,
agus ar siúl, i nGaeltacht
Mhúscraí.

Comharchumann Forbartha Mhúscraí
prepared this newsletter. The aim is to
provide a sample of some of the great
work that is going on, and planned
within Gaeltacht Mhúscraí.

Comharchumann Forbartha Mhúscraí & GTeic
Gteic, Páirc Ghnó Bhéal Átha an Ghaorthaidh
Maighchromtha, Co. Chorcaí P12 PX22

083 191 5432
eolas@muscrai.org
www.muscrai.org



ComharchumannMhuscrai



Gteic Béal Átha 'n
Ghaorthaidh



Plean Teanga Mhúscraí



Gaeltacht Mhúscraí



Gaeltacht
Mhúscraí



Udarás na
Gaeltachta



gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHÁIDH

520

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAÉILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

